



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

AN ARDTEISTIMÉIREACTH 2009

SCÉIM MHARCÁLA

GAEILGE

BONNLEIBHÉAL



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2009

SCÉIM MHARCÁLA

GAEILGE

BONNLEIBHÉAL

GAEILGE (BONNLEIBHÉAL) - SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2009

AN CHLUASTUISCINT 180 MARC

Má tá sé soiléir go bhfuil rogha **amháin** déanta ag an iarrthóir – an rogha sin a mharcáil.

Tá ceithre roinn sa pháipéar, ach ní dhéantar aon idirdhealú eatarthu sa ghreille ar an gclúdach.

Roinn 1: Ceisteanna 1,2, 3, 3 x 14 marc.

Roinn 2: Ceisteanna 4, 5, 2 x 7 marc

Roinn 3: Ceisteanna 6, 7, 8, 9, 4 x 16 marc

Roinn 4: Ceisteanna 10, 11, 12, 3 x 20 marc.

Ceist 1	(a)	Ag freastal ar an Ollscoil = an tríú pictiúr	... 7 marc)	
	(b)	Maigh Chromtha	... 7 marc)	= 14 marc
Ceist 2	(a)	Píolóta = an dara pictiúr	... 7 marc)	
	(b)	Co. Bhaile Átha Cliath	... 7 marc)	= 14 marc
Ceist 3	(a)	Ag glanadh busanna = an dara pictiúr	... 7 marc)	
	(b)	5	... 7 marc)	= 14 marc
Ceist 4		Siopa seodóra = an chéad pictiúr	... 7 marc)	= 7 marc
Ceist 5		An bosca ag an mbarr ar chlé (tic nó saighead)	... 7 marc)	= 7 marc
Ceist 6	(a)	Tirim ach gaofar= an dara pictiúr	... 8 marc)	
				= 16 marc

	(b)	Te	... 8 marc)	
Ceist 7	(a)	Siúlóid= an tríú phictiúr	... 8 marc)	
				= 16 marc
	(b)	Ionadaí ó choistena dtuismitheoirí	... 8 marc)	
Ceist 8	(a)	Dráma = an chéad phictiúr	... 8 marc)	
				= 16 marc
	(b)	€20	... 8 marc)	
Ceist 9	(a)	oscailt oifigiúil = an dara pictiúr	... 8 marc)	
				= 16 marc
	(b)	Cór na scoile	... 8 marc)	
Ceist 10	(a)	1.30 a.m.	... 10 marc)	
				= 20 marc
	(b)	Déardaoin	... 10 marc)	
Ceist 11	(a)	Agallamh	... 10 marc)	
				= 20 marc
	(b)	Post amháin	... 10 marc)	
Ceist 12	(a)	Orla	... 10 marc)	
				= 20 marc
	(b)	2 uair	... 10 marc)	

(NÓTA: Sá chás fíorannamh go bhféadfaí a rá go bhféadfadh an dara pictiúr a bheith ceart, tabharfar creidiúint don fhreagra sin.)

3. Corpoideachas ... 5 marc) = 25 marc
4. Club Spóirt ... 5 marc)
5. Cúrsa Traenála ... 5 marc)

(b) **Bróisiúr**

1. Co. An Chláir ... 5 marc)
2. 250 ... 5 marc)
3. An trá álainn ... 5 marc) = 25 marc
4. Ciorcal comhrá ... 5 marc)
5. Indreabhán ... 5 marc)

(c) **Scéal Nuachta**

1. 2 ... 5 marc)
2. Inis Mac Neasáin ... 5 marc)
3. Soir ... 5 marc) = 25 marc
4. Na tuismitheoirí ... 5 marc)
5. Fuar ... 5 marc)

(c) Véarsaí “ Bó na leisce”

1. Donn ... 6 marc)
 2. Sa scioból ... 6 marc)
 3. Min agus sadhlas ... 6 marc)
 4. Amach sa pháirc ... 6 marc)
 5. Ríocht na bhflaitheas ...6 marc)
- “A mhaireann i ríocht na bhflaitheas” ...6 marc)
- “Is í an bhói ríocht na bhflaitheas6 marc)
- “Tá sí tanáilteI ríocht na bhflaitheas”4 marc)
- Véarsa a ceathar0 marc)

= 30 marc

Roinn 11 – Scríobh Na Teanga

Ceist 4 30 Marc Freagair (a) NÓ (b)

(a) Fógra

Cumas Cumarsáide = 22 marc)

= 30 marc

Cruinneas Gaeilge = 8 marc)

(b) Cuireadh

Cumas Cumarsáide = 22 marc)

= 30 marc

Cruinneas Gaeilge = 8 marc)

Ceist 5 40 marc Freagair (a) NÓ (b)

(a) Litir

Cumas Cumarsáide = 30 marc)

= 40 marc

Cruinneas Gaeilge = 10 marc)

(b) Foirm Iarratais

Cumas Cumarsáide = 30 marc)

= 40 marc

Cruinneas Gaeilge = 10 marc)

Ceist 6 50 Marc Freagair (a) NÓ (b)

(a) **Cuntas**

Cumas Cumarsáide = 37 marc)

= 50 marc

Cruinneas Gaeilge = 13 marc)

(b) **Eachtra**

Cumas Cumarsáide = 37 marc)

= 50 marc

Cruinneas Gaeilge = 13 marc)

FORLEATHNÚ AR AN SCÉIM MHARCÁLA DON A.T.B.L.

SCRÍOBH NA TEANGA

N.B.: Ní ceartú atá ar siúl againn ach measúnú agus marcáil.

Déantar an mharcáil faoi dhá cheannteideal: Cumas Cumarsáide agus Cruinneas Gaeilge.

Cumas: An cumas atá san iarrthóir a smaointe a chur in iúl trí Ghaeilge.

Cumarsáid: Tagann cumarsáid i gceist nuair is féidir linn teachtaireacht, smaointe, nuaíocht an iarrthóra a thuiscint.

Cumas Cumarsáide:

Is ionann seo agus an cumas atá san iarrthóir an tasc cumarsáide a tugadh di/dó a chomhlíonadh.

Cruinneas Gaeilge:

- (i) Dul na Gaeilge - struchtúir na Gaeilge - cruinneas gramadaí;
- (ii) Foclóir - cruinneas foclóra;
- (iii) Litriú - cé go mbeadh sé seo san áireamh moltar gan an iomarca béime a chur ar an ngné seo ag an leibhéal seo.

Ceist 4 (a) : Fógra

Tasc → Fógra a scríobh amach bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha.

(Ní gá abairtí iomlána a scríobh anseo.)

Tá dhá roinn mharcála sa cheist seo: Cumas Cumarsáide agus Cruinneas Gaeilge.

Cumas Cumarsáide = 22 marc

(i) Leagan Amach ... 1 marc

(ii) Treoracha ... 21 marc

- Pict. 1 = 3+3
- Pict. 2 = 3+2+2+2
- Pict. 3 = 3
- Pict. 4 = 3

Cruinneas Gaeilge = 8 marc

(má tá tarscaoileadh i gceist Gaeilge (G=3) in ionad Cr.)

Na marcanna a thaispeáint mar seo: Cum (22) = 22
Cr. (8) = 8
30

Cumas Cumarsáide:

Leagan amach: 1 marc

Na treoracha: 21 marc

Leagan amach: 1 marc

Má tá fógra ann nó iarracht ar fhógra glac leis, agus cuir tic in aice leis an bhfocal “Fógra”

Alt/scéal/ cuntas/ litir/aiste san A. Chaite = 0.

Na Treoracha:

Iarrtar ort tic a chur le gach pointe a fhreagraíonn do na treoracha nó do na tagairtí

Pic:1 Cén rud?=3 marc

Cén áit? =3 marc

Cén rud?

Ceolchoirm/ Ceoldráma / Comórtas ceoil / Comórtas amhránaíochta3 marc)
Seisiún Ceoil / Ceol / Canadh / Amhrán / Amhránaíocht3 marc)
Ainm cheoldráma / Seó Ceoil/ Féile Ceoil / Ainm cheoltóir nó banna3 marc)
Ainm chomórtais / Rac-cheoil / rac-dráma / Ceol traidisiúnta	
Seisiún / Féile / Seim Ceoil / Seim	..2 mharc)
Comórtas / Seó2 mharc)

Cén áit? 3 marc

Glac le háit ar bith atá oiriúnach.Caithfidh an halla, an t-óstán, nó an teach tabhairne a bheith ainmnithe.

An Scoil / Sa Scoil / nó ainm scoile / sa chearnóg3 marc)
Halla na Scoile / Halla Pobail / Halla ar bith atá ainmnithe3 marc)
Ainm Óstáin / san R.D.S. / Teach Tabhairne Uí Néill3 marc)
Páirc an Chrócaigh / san ionad spóirt / sa pháirc peile3 marc)
Halla / Ostán/ Teach tábhairne / sa phub / sa pháirc 2 marc)
Ainm Baile/ Sa Chathair / Corcaigh / ar an tsráid 1 marc)

Pic.2 Cén oíche? Dáta? Am? Cén cead isteach? (3+2+2+2)

Cén oíche? 3 mharc

Glac le lá nó le hoíche ar bith

Dé Luain / Anocht / Inniú/ Amárach / An tseachtain seo / gach Luan	...3 marc)
Dé hAoine – Dé Domhnaigh /an deireadh seachtaine	...3 marc)
De Sathairn seo caite/ (-1 don Aimsir Chaite) /An tseachtain seo chugainn	...2 mharc)
An tseachtain seo caite1 marc)
Aréir / Inné / Ar Maidin / Oíche Dé	...0 mharc)

Dáta: 2 mharc

Glac le dáta ar bith ach caithfidh an mhí a bheith litrithe i gceart. (-1 Muna bhfuil)

17ú Márta / 17 Márta / 15ú – 17ú Márta / 3-5 Marta2 mharc)
17ú / 17ú lá / 17/3 /17ú/3(mí) / 15ú-17ú /15ú/3 – 17ú/3 / 15/3-17/31 marc)
17/3/2009 / Márta /3ú mí / 17-19/31 marc)
ach i gcás 17 / 17 mí /15-17 0 marc)

Am: 2 mharc

Glac le ham ar bith a bhfuil ciall leis.

8 p.m / 5 a chlog / Ar a 5 (cúig) / 3-6 p.m. / Am: 5 / meánlae /meánoíche	... 2 mharc)
8 a.m. 1 marc)

Cén cead isteach? 2 mharc

Glac le hairgead ar bith a bhfuil ciall leis, ach caithfidh ionramháil a bheith ann

Caithfidh comhartha nó focal (euro) a bheith ann

“Cead isteach €20 / Taille €20 / Airgead €20 / Ticéad €20 2 mharc)
Cead isteach 20 / Airgead 20 / Taille 20 / Ticéad 20 / €20/ Ticéad ag an doras	... 1 marc)
20 0 marc)

Pic. 3: Cé a bheidh ann mar fhear an tí? 3 marc

Caithfidh ionramháil a bheith ann

Fear an tí Podge agus Rodge (nó ainm amháin) / Beidh Podge agus Rodge ann3 marc)
Aoi spéisialta: Podge agus Rodge3 marc)
Fear an tí agus ainm ar bith/ Bean an tí Podge agus Rodge Bean an tí agus ainm mhná2 mharc)
Podge agus Rodge / Zig agus Zag2 mharc)
Fear an tí Lucy Kennedy1 marc)
Lucy Kennedy	.. 0 marc)

Pic. 4 Cad a thárlóidh don airgead? 3 marc

Caithfidh ceangail a bheith déanta idir an t-airgead agus “Cuisle”/ Ospidéal (Áras)na seandaoine.

Rachaidh an t-airgead go dtí Cuisle/ ospidéal na seandaoine / seandaoine3 marc)

(Airgead) ar son Cuisle/ (Airgead) ar son na seandaoine/ ar son ospidéal an seandaoine3 marc)

Airgead ag dul go dtí Ospidéal na seandaoine (Cuisle / seandaoine) ...3 marc)

Tá /Beidh an t-airgead ag dul go (dtí) Cuisle / ospideal na seandaoine (seandaoine) ..3 marc)

Airgead go (do) Cuisle /Ospidéal na seandaoine (seandaoine)3 marc)

Airgead -> Cuisle / Ospidéal seandaoine (seandaoine)3 marc)

Tá /Beidh an t-airgead go dtí Cuisle (Ospidéal na seandaoine) (seandaoine) N.B. Cruinneas!!3 marc)

Airgead : Cuisle/Ospidéal na seandaoine(seandaoine)2 mharc)

Airgead = Cuisle /Ospidéal na seandaoine(seandaoine)2 mharc)

Thárlóidh an t-airgead (go dtí) Cuisle /Ospidéal na seandaoine(seandaoine) .. 2 mharc)

Airgead go dtí Cuisle /Ospidéal na seandaoine (seandaoine)2 mharc)

N.B. Má luaitear “Ros Comáin” in ionad “Cuisle” 1 marc le baint sna treoracha thuas.

Cuisle /Ospidéal na seandaoine(seandaoine)1 marc)

Thárlóidh don airgead Cuisle / seandaoine / Ros Comáin1 marc)

Cuisle /Ospidéal na seandaoine(seandaoine) ...0 marc)

N.B. -1 do gach treoir a bhfuil scríofa san Aimsir Chaite m.sh. “Bhí an t-airgead ar son Ospidéal na bPáistí”

Léiriú na marcanna :

Leagan amach an fhógra: 1 (nó náid nó stríoc mar a oireann) a chur san imeall. 1

Cuir tic leis an bhfocal “Fógra”

Cuir tic leis na pointí atá ann.

$$\begin{aligned} P.1 &= 3+3 & = 6 \\ P.2 &= 3+2+2+ 2 & = 9 \\ P.3 &= 3 & = 3 \\ P.4 &= 3 & = 3 \end{aligned}$$

$$\begin{aligned} \text{Cum}(22) &= & 22 \\ \text{Cr}(8) &= & 8 \\ & & -- \\ & & 30 \\ & & == \end{aligned}$$

Líne amháin faoi sin sa cholún.

Mura bhfuil tagairt do cheann ar bith de na treoracha bíodh sé sin le taispeáint sa chóras marcála trí (dais/fleiscín) - a chur san áit chuí.

Suimigh na marcanna sa cholún.

An t-iomlán a léiriú mar marc iomlán don Chumas Cumarsáide.

Ansin bronn marc don Chruinneas Gaeilge as 8.

Bí cúramach gan pionós a leagan faoi dhó. Botún litrithe... ná bí ró dhian.

Líne faoi sin. Suimigh na marcanna do Chumas agus do Chruinneas agus dhá líne faoi sin.

Ceist 4(b). Cuireadh

(b) Tasc → Cuireadh a scríobh amach bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha.

Cumas Cumarsáide = 22 marc

(i) Leagan Amach ... 4 marc

- Beannú oiriúnach 2 marc
- Iarracht ar fhreagra 1 marc
- Síniú oiriúnach 1 marc

(ii) Treoracha ... 18 marc

- Dhá mharc déag do na treoracha do phictiúr 1 = 6 x 2 marc
- Dhá mharc do na treoracha do phictiúr 2 = 1 x 2 marc
- Dhá mharc do na treoracha do phictiúr 3 = 1 x 2 marc
- Dhá mharc do na treoracha do phictiúr 4 = 1 x 2 marc

Cruinneas Gaeilge = 8 marc

Beannú oiriúnach:

Cuir tic san áit chuí. agus breac an marc bronnta san imeall ar dheis.

A *Shinéad*,/ *Hi (Haigh) a Shinéad* ,/ *Sinéad*,(Cr.) / *a chara Sinéad* ...2 mharc)

Má fhágtar an "A/a" ar lár beidh botún cruinnis i gceist

Má tá: "A" agus ainm eile ...1 marc)

Ainm eile gan "A": -1 agus é a chur san áireamh sa chruinneas.

Haigh / Hi gan ainm ar bith / A chara ...1 marc)

Iarracht ar chuireadh: 1 marc.

An iarracht a léamh go tapa. Má bhíonn cosúlacht ann go bhfuil cuireadh i gceist nó go bhfuil cuireadh iontuigthe bronn an marc air. Cuir tic os cionn an fhocail CUIREADH. An marc a bhronntar a léiriú san imeall.

Síniú : 1 marc.

Glac le ainm ar bith a bhfuil ciall leis, nó le cinnlitreacha. Cuir tic leis an ainm.

Na trí mharc don leagan amach a léiriú san ord ceart san imeall, pé marc nó náid nó stríoc mar is gá.

2
1

2
-

1
-

Na Treoracha:

Iarrtar ort tic a chur le gach pointe a fhreagraíonn do na treoracha nó do na tagairtí.

Pic.1 : Cad a bheidh ar siúl? Cén áit? Cén lá? Cén dáta? Cén t-am? Cé mhéad ar thicéad?

Caithfidh ionramháil a bheith ann.

Cad a bheidh ar siúl?

- Ceoldráma / Grease (nó ainm cheoldráma eile)/ seó Ceoil /Dráma Grease2 mharc)
Ceolchoirm / Seó / Dráma / Ceol / Scannán Grease1 marc)
Scannán / Seo0 marc)

Cén áit?

- Amharchlann an Oilimpia / Halla na scoile / Sa Scoil / Áit chinnte / Amharchlann2 mharc)
Halla / Ostán (gan ionramháil)1 marc)

Cén lá?

- Glac le lá ar bith2 mharc)

Cén dáta?

- 22ú Meitheamh / 22ú Meith / 22ú/6 / 22/62 mharc)
22ú / 22 Meith / 22ú mí1 marc)
22 / 22mí0 marc)

Cen t-am?

- Am ar bith nó tréimhse ama2 mharc)

Cé mhéad ar thicead?

Cead isteach €20 / Ticead €20/ Táille €20 / Ticéad don bus €20 / €20	...2 mharc)
Cead isteach 20 / Ticéad 20 / Táille 20 / Airgead 201 marc)
200 marc)

Pic. 2 Go gceapann tú go mbainfidh Sinéad taitneamh as

2 mharc

Ionramháil ag teastáil anseo.

Is breá leat ceol agus rince (ceol nó rince)	...2 mharc)
Is maith leat ceol agus rince (ceol nó rince)	...2 mharc)
Ceapaim go mbainfidh tú taitneamh as	...2 mharc)
Is breá le Sinéad ceol agus rince (ceol nó rince)	.. 1 marc)
Is maith le Sinéad ceol agus rince (ceol nó rince)	...1 marc)
Ceapann tú go mbainfidh tú taitneamh as	... 1 marc)
Ceapann mé go mbainfidh Sinéad taitneamh as	...1 marc)
Ceapann tú go mbainfidh Sinéad taitneamh as	...1 marc)

Pic.3 Gur mhaith leat go rachadh Sinéad ann leat

2 mharc

An dtiocfaidh tú liom? / An rachaidh tú liom?/ An bhfuil tú ag dul?	..2 mharc)
Ar mhaith leat dul? / Ar mhaith leat teacht? / An bhfuil tú ábalta dul?	...2 mharc)
Ba mhaith liom go rachaidh tú liom / An bhfuil cead agat dul?	...2 mharc)
Rachaidh mé agus tú / Tá mé agus tú ag dul / Beidh mé agus tú ag dul	...2 mharc)
Ba mhaith liom go rachaidh Sinéad liom/ Ba mhaith leat go rachaidh tú liom	...1 marc)

Pic.4 Cad a dhéanfaidh sibh ar an mbealach abhaile? 2 mharc

Rachaimid go dtí bialann (Mc Donald's) / Beidh béile (dinnéar) againn2 mharc)
---	---------------

Íosfaimid dinnéar (béile) / Tá mé agus tú ag ithe dinnéir	...2 mharc)
Rachaimid abhaile ar an mbus / Beimid ag caint ar an mbus1 marc)
Siúlfaimid abhaile / Gheobhaimid tacsáí abhaile)1 marc)
Rachaimid abhaile ar a deich1 marc)

-1 do gach treoir atá san A. Chaite

Pionós a chur má tá briseadh sa chumarsáid

LÉIRIÚ NA MARCANNNA

Seachain pionós faoi dhó a ghearradh ar an iarracht.

L.A.	=	2
		1
		1
P.1:	2+2+2+2+2+2	= 12
P.2 :	2	= 2
P.3 :	2	= 2
P.4 :	2	= 2
		Cum (22) = 22
		Cr: (8) = 8
		<u>30</u>
		==

Cruinneas Gaeilge a mheas as 8

Bronn an marc is airde idir 4(a) agus 4(b) sa chás go ndéantar iarracht an dá cheann a fhreagairt.

Cuir an marc sin in aice le uimhir na ceiste agus ar an ngréille

Cuir lúibíní cearnógacha thart ar an iomlán eile nach mbeidh san áireamh agus fág ann é m.sh. [21].

Iomlán reatha a scríobh ag bun lth. a 10.

Ceist 5 (a): Litir

(a) Tasc → Litir a scríobh chuig cara bunaithe ar na pictiúir agus ar na teoracha.

Cumas Cumarsáide: = 30 marc

(i) Leagan Amach6 marc

- Seoladh = 2 marc
- Dáta = 1 marc
- Tús = 1 marc
- Críoch = 2 marc

(ii) Teoracha 24 marc

- Ceithre mharc do na teoracha do phictiúr 1 = 2 x 2 marc
- Dhá mharc déag do na teoracha do phictiúr 2 = 3 x 4 marc
- Ceithre mharc do na teoracha do phictiúr 3 = 2 x 2 marc
- Ceithre mharc do na teoracha do phictiúr 4 = 2 x 2 marc

Cruinneas Gaeilge = 10 marc

Nó

Ceist 5 (b): Foirm Iarratais

Tasc → Foirm Iarratais a líonadh a bhfuil "ceisteanna" le freagairt agus "alt beag" a bhaineann go dlúth leis an bhfoirm iarratais a scríobh inti.

Cumas Cumarsáide = 30 marc

An Córas Marcála

Seoladh	1½ marc	3 marc
Uimhir theileafóin	½ marc	1 marc
Dáta Breithe	4 marc	2 marc
Aois	½ marc	1 marc
Contae ar rugadh tú	½ marc	1 marc
Cén Scrúdú teistiméireachta...	1 marc	2 marc
Cúig Ábhar scoile sa scrúdú	5 marc	10 marc

An bhfuil snámh agat	½ marc	1 marc
An mbeidh tú ábalta snámh	½ marc	1 marc
Ar imir tú spórt le club	½ marc	1 marc
An féidir leat a bheith ag obair	½ marc	1 marc
An gcaitheann tú tobac	½ marc	1 marc
Luaigh trí spórt	1½ marc	3 marc
Ciorcal leis an dáta	½ marc	1 marc
Dáta	½ marc	1 marc
	15 marc	30 ÷ 2 = 15

N.B.: Ná bíodh ½ marc le feiceáil in aon áit (m.sh. $21 \div 2 = 10\frac{1}{2} = 11$ marc)

Ceist 5(a) Litir

An tasc: litir a scríobh chuig cara leat, bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha. Tá dhá roinn mharcála anseo: **Cumas Cumarsáide = 30**

Cumas Cumarsáide:
Leagan amach: 6 marc.

Leagan Amach = 6 marc Na Treoracha = 24 marc

Seoladh: 2 mharc.

Tá dhá chuid ag teastáil.
Ná glac le leagan Béarla de sheoladh gur féidir Gaeilge a chur air.
Cuir tic leis an dá chuid anseo.

Dáta: 1 marc.

Glac le figiúirí. Cuir tic.

Tús:

1 marc. (Tic)

Glac le ainm lom gan an "A", ach é seo a chur san áireamh sa chruinneas.
Glac le "A Chara"/ Haigh

Slánú:

Dhá chuid ag teastáil. Slánú agus ainm. Glac le haon rud oiriúnach. (dhá thic)
Breac na marcanna a bhronntar san imeall san ord cuí.

2
1
.

Na Treoracha: 24 marc.

Iarrtar ort tic (agus gan ach tic) a chur leis na pointí a fhreagraíonn do na treoracha/tagairtí.

Pic.1: Insint faoin ostán agus faoin áit a bhfuil an t-ostán (2+2)

Insint faoin ostán:

Ionramháil de shaghas ar bith ag teastáil.

Samplaí: Tá sé mór / beag / ciúin / gnóthach / go deas. / Ainm an ostáin / Tá mé ag obair in Ostán na Mara (san ostán seo má tá an t-ainm luaite sa seoladh). / Tá a lán daoine ann / Tá a lán áiseanna ann (nó samplaí de na háiseanna) / Tá sé in aice na farraige (má ta tú cinnte gur insint faoin ostán atá ann)

Insint faoin áit a bhfuil an t-óstán:

Glac le hainm áite ar bith – ach amháin áit i lár na cathrach

Faoin tuath / in aice na farraige/ cois trá (locha nó abhainn)

Ag bun na sléibhte / in aice na gcnoc

Tá an áit go deas / ciúin / gnóthach / dubh le daoine 7rl

Pic.2: Insint faoin obair a dhéanann tú san ostán: (4+4+4)

Glac le tagairt ar bith a bhfuil ciall léi, ach caithfidh ionramháil a bheith ann.

Cineál oibre agus ionramháil = 4 marc

Cineál oibre gan ionramháil / coinníollacha oibre = 3 marc

Tuairim faoin obair = 2mharc

Cineál oibre agus ionramháil = 4 marc

Ag freastal ar na custaiméirí / ag glanadh suas / ag obair sa bheár (sa chistin, sa ghairdín)

Ag glanadh boird/ ag scuabadh úrláir / ag freastal / ag cócaireacht / ag díol deochanna /

Ag glanadh an ghairdín / ag tabhairt bia (béile, dinnéar) do na custaiméirí / ag tógáil ordaithe /

Ag ní gloiní (gréithre) / ag caint leis na custaiméirí

Cineál oibre gan ionramháil / coinníollacha oibre = 3 marc

Bím ag obair ón Luan go hAoine

Oibrím ó 9.00 go 5.00 / Tosaím ar a naoi / Críochnaím ar a sé/

Faighim €10 san uair

Bím ag glanadh / ag scuabadh / ag ní

Tuairim faoin obair = 2mharc

Tá an t-airgead go maith

Is maith liom an obair / Tá an obair go maith / cruá / dian / simplí /

Is maith liom an bainisteoir / Tá an bainisteoir cantalach / Tá mé ag obair san ostán

Tá mé ag obair / Ta mé ag caint = 1 marc

Pic. 3: (2+2)

Ag insint faoi na haíonna a thagann go dtí an tÓstán;

Dhá thagairt ag teastáil (2+2)

Glac le tagairtí ar bith atá oiriúnach, mar shampla:

Tá na haíonna (custaiméirí / daoine) go deas, cairdiúil, go maith.

Tagairtí don chineál daoine, aois na ndaoine, ainmneacha daoine cáiliúla, cuairteoirí..

Bhí mé ag caint le X / Tháinig X go dtí an tÓstán / Tá X ag fanacht san óstán

Bíonn na haíonna (daoine) ag léamh / ag siúl /

Tagann teaglaigh / seandaoine / páistí / turasóirí go dtí an tÓstán

Glac le aimsir ar bith atá oiriúnach.

Pic. 4: Insint faoi na rudaí a dhéanann tú nuair a bhíonn am saor agat: (2+2)

Tá dhá thagairt do na himeachtaí éagsúla a léirítear sa phictiúr ag teastáil: = 2+2.

Beifear ag súil le tagairt do shiúil / shiúlóid nó spáisteoireacht

ag snámh / ag súgradh san uisce/ ag lapadáil/ ag súgradh le mo chairde

ag sú na gréine / ag imirt cluichí (peil/rugbaí / sacar)

ag rith / ag rásaíocht / ag traenáil / ag dul ar phicnic/ ag dul amach faoin tuath

ag léamh / ag staidéar

Má tá rud éigin ann taobh amuigh den phictiúr – 1 marc

Samplaí : díoscó / pictiúrlann / ag damhsa / ceolchoirm 7r

Léiríú na marcanna

Leagan amach	2
	1
	1
	2

Pic.1: 2+2 =4

Pic.2: 4+4+4 =12

Pic.3: 2+2 =4

Pic.4: 2+2 =4

CUM (30) =30

CR(10) =10

40

==

Suimigh. (Na marcanna don leagan amach agus do na pointí san áireamh)

Cruinneas Gaeilge as deich.

Dhá líne faoin iomlán do cheist 5(a) ar fad.

N.B.Ná haistrigh an t-iomlán suas go dtí uimhir na ceiste go dtí go mbeidh 5(b), ma tá sé ann, marcáilte agat.

Ceist 5(b). Foirm Iarratais

An Tasc: Foirm iarrtais a líonadh a bhfuil "ceisteanna" le freagairt agus "alt beag" a bhaineann go dlúth leis an bhfoirm iarratais a scríobh inti.

Mar seo thíos a roinntear na marcanna.

Cumas Cumarsáide
Cruinneas Gaeilge

CUM = 30
CR = 10

Cumas Cumarsáide:-

Na ceisteanna =15 marc

Na Ceisteanna:

Ar mhaithe le leathmharcanna a sheachaint caithfear na marcanna a bhronnadh mar a léirítear thíos agus tar éis suimiú a dhéanamh, an t-iomlán do na ceisteanna a roinnt ar a dó. Ná bíodh aon leathmharc ann.

Seoladh: Dhá chuid sa seoladh (2+2), Gaeilge más féidir. Cuir tic le gach cuid. =3

Uimhir theileafóin: =1

Dáta breithe: Glac le figiúirí le figiúirí loma =2 mharc **Aois:** aon aois os cionn 15 =1 marc =3
(Dhá chuid ag teastáil) -1 muna bhfuil bliain ann

Cén contae ar rugadh tú? Glac le contae ar bith =1

Cén Scrúdú teistiméireachta atá déanta agat? T Sóisearach / Ardeist =1

Luaigh cúig ábhar scoile: Ná glac le leagan Béarla (cuir tic)
(Matha =1 /Math(s) =0 /Mathamaitics =0 /Star =2)) =10

An bhfuil snámh agat? Sea/ Tá/ Níl/Bhí/Ní raibh/Ní maith =1

An mbeidh tú ábalta snámh a mhúineadh? Beidh / Ní bheidh / Sea / Níl /Tá /Ni raibh =1

Ar imir tú sport le club riamh? D'imir / Níor imir /Tá/ Níl / Sea / Ní hea / Bhí =1

An féidir leat a bheith ag obair ag an d seachtaine? Is (Ní) féidir / Féidir ? Tá / 7rl. =1

An gcaitheann tú tabac? Caithim / Ní chaithim / Is maith / Ní maith (Tá/ Bhí/ Sea 7rl.) =1

Luaigh trí chaitheamh aimsire atá agat: Trí cinn ag teastáil as Gaeilge. Cuir tic. =3

Golf / Goilf =0 Hoca =1 Sacar le 2 bhotún(o / cc/ e) = 0

Cuir ciorcal leis an dáta is fearr leat le haghaidh agallaimh; ciorcal amháin =1

Dáta: Glac le figiúirí

=1

Saighead beag. An marc seo a chur leis na marcanna do na ceisteanna eile san imeall ar dheis

An t-iomlán a roinnt ar a dó.

30 : 2 =15

Suimiú a dhéanamh ar na marcanna sa cholún. An t-iomlán a roinnt ar a dó.

É seo ar fad a thaispeáint go soiléir. Ná bíodh aon leathmharc ann sa deireadh.

$22 \div 2 = 11$ agus $23 \div 2 = 12$

An t-Alt beag: 15 marc.

Caithfidh an t-alt a bheith *Ad Rem*, 'sé sin, dírithe ar an téama trí chaint nó insint faoi bheith ag obair in ionad spóirt. Glac le tagairt don saghas oibre, tuairim ar bith faoin obair féin, nó coinníollacha oibre nó aon tagairt eile a thaispeánann go bhfuil ábhar an ailt ar aigne an iarrthóra.

**Má tá sé ad rem é a mheas as 15 mar phíosa cumarsáideach.
Muna bhfuil sé ad rem caithfear é a mharcáil as 5.**

Ba chóir an marc atá ar fáil don pháosa a thaispeáint i lúibíní sula ndéanann tú measúnú ar an gcumarsáid.

(15) nó (5) a léiriú áit éigin istigh sa leathanch.

Níl méid áirithe pointí ag teastáil -- más léir go bhfuil fáth ar bith ag an scríbhneoir gur mhaith leis/léi bheith ag obair in ionad spóirt, glac leis go bhfuil sé ad rem. Glac le tagairtí do thréithe pearsanta, pearsantacht, taithí oibre, cursaí airgid, suim i snámh, i geleachtadh coirp. Cuimhnigh gur cumarsáid atá i gceist. Bronn marc don chumarsáid as an marc atá ar fáil

Tá 40 focal ag teastáil. Ná glac le focail Bhéarla. Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor bainfear céatadán cuí den mharc bronnta. (mar shampla: mura bhfuil ann ach thart fá 32 focal, bainfear an cúigiú cuid den mharc bronnta). É sin a thaispeáint mar seo a leanas:

$$(15) 14 - 3_f = 12$$

Achoimre

Socraigh cén marc atá ar fáil don alt:(15) nó (5)

agus léirigh an marc seo i lúibíní.

Suimigh na marcanna do na ceisteanna agus don alt faoin teideal
An Ghaeilge san iarracht ar fad idir fhoirm agus alt a mheas as 10.

$$\begin{array}{r} \text{CUM (30)} = 30. \\ \text{CR (10)} = \underline{10} \\ \hline 40 \\ \hline \end{array}$$

Dhá líne faoin iomlán agus an marc is airde idir 5(a) agus 5(b) a chur ar aghaidh go dtí uimhir na ceiste agus chuig an ngeille. Lúibíní cearnógacha thart ar an iomlán is ísle.

Iomlán reatha a chur ag bun lth. a 12.

Ceist 6(a) Cuntas:

An Tasc: Cuntas (timpeall 90 focal) a scríobh do “Iris na Scoile” bunaithe ar a bhfuil sa phictiúr, nó a bhaineann le “hOíche Cheoil sa Chlub Óige”

Níor mhór cúig thagairt ar a laghad a bheith sa chuntas d'imeachtaí nó do thosca na hocáide. Cuir tic le gach tagairt atá ann. Bain 5 marc ar gach tagairt nach bhfuil ann. Mura bhfuil ionramháil déanta ar a bhfuil scríofa sa phictiúr ná glac leis mar thagairt. Sula mbronntar marc ar bith socraigh cén marc atá ar fáil don iarracht. Ansin taispeáin an marc atá ar fáil don alt i lúibíní ...

m.sh CUM:(37 – 10_t = 27) Nó CUM:(37 - 0_t = 37)

Ansin déan measúnú ar an alt mar pháosa cumarsáide agus bronnta marc air as an marc atá ar fáil. Glactar le foirm ar bith nó le pearsa ar bith nó le aimsir ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, bunaithe ar an ócáid a léirítear.

Tá timpeall 90 focal ag teastáil. Sa chás nach mbeidh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta (m.sh. mura bhfuil ann ach 45 focal, an t-alt a mharcáil as pé marc atá ar fáil dó agus timpeall 50% a bhaint den mharc bronnta).

Sampla: 75 focal agus 4 thagairt ann: $(37 - 5t = 32)$ CUM(32) = $24 - 4f = 20$

Sampla: 90 focal agus 5 thagairt ann: $(37 - 0t = 37)$ CUM (37) = $28 - 0f = 28$
CR (13) = $\frac{10}{38}$
==

N.B.

Ná haistrigh an t-iomlán suas go dtí uimhir na ceiste go dtí go mbeidh tú cinnte an bhfuil iarracht déanta ar 6(b).

Nóta:

Beifear ag súil le tagairtí do na rudaí seo a leanas:

Ag teacht chuig nó ag imeacht ón gClub Óige

An lá / am / áit a raibh sé ar siúl / Cead isteach

Cé a bhí in éineacht leat?

An aimsir

Na himeachtaí a bhí ar siúl ann:

Ceol / Damhsa / Rince / Ag seinm ceoil (gitar) / Ag éisteacht le ceol / Ag canadh / díoscó

Comórtas damhsa (ceoil, na mbannaí, amhránaíochta) / Duaiseanna / Ceol traidisiúnta

Ainm grúpa / Duine cáiliúil a bhí i láthair/ Céilí

Ag ithe / ag ól / Bhí an oíche (an craic) go maith / eachtra a thárla ann

Cheannaigh mé lón / bia / sceallóga / cannaí (ionramháil ag teastáil)

Bus abhaile

Ceist 6 (b) Eachtra:

An Tasc: Scríobh faoi eachtra a thárla agus tú amuigh ag siúl le do chara le haghaidh “*Iris na Scoile*”.

Bheadh tagairt do gach aon phictiúr tábhachtach le go mbeadh fás nádúrtha ag baint leis an eachtra. Níor mhór tagairt amháin a bheith sa chuntas do gach pictiúir (1-4), mar aon le tagairt amháin eile a bhaineann le haon phictiúr

Cuir tic le gach tagairt atá ann. Socraigh cén marc atá ar fáil don iarracht. Bain 5 mharc ar gach tagairt nach bhfuil ann. Taispeáin an marc atá ar fáil don alt i lúibíní: m.sh $(37 - 10_t = 27)$. Ansin déan measúnú ar an alt mar phársa cumarsáide agus bronn marc air as an marc atá ar fáil dó

Sampla CUM:($37 - 0_t = 37$) nó CUM($37 - 10_t = 27$)

Glactar le foirm ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, agus bunaithe ar an eachtra a léirítear. Pionós bheag muna bhfuil an scríbhneoir páirteach san eachtra nó má tá leanúnachas in easnamh.

Tá timpeall 90 focal ag teastáil. Sa chás nach mbeidh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta. Mar shampla. mura bhfuil ann ach 60 focal, an t-alt a mharcáil as pé marc atá ar fáil dó agus timpeall 33% a bhaint den mharc bronnta.

Fiú muna mbíonn fad i gceist ba choir é seo a léiriú $(37 - 0t = 37) = 31$ CUM (37) = 29-0f = 29
 CR (13) = $\frac{9}{38}$
 ==

Dhá líne faoin iomlán agus an marc is airde idir 6(a) agus 6(b) a chur ar aghaidh go dtí uimhir na ceiste agus chuig an ngréille. Lúibíní cearnógacha thart ar an iomlán is ísle nach bhfuil á chur san áireamh agat..

Iomlán reatha a chur ag bun lth. a 14.

Beifear ag súil le tagairtí do na rudaí seo a leanas:

Pic.1: ag siúl / ag spáisteoireacht / an aimsir / madra ag tafann / cat sa chrann

Pic.2: seanbhean / eagla ar an gcat / imní ar an mbean / dréimire in aice an tí / comhrá

Pic.3: an madra ceangailte / an buachaill ag sábhail an chait / ag teacht anuas / ag bhean ag feachaint ar chúrsaí

Pic.4: An cat sábháilte / áthas (gliondar) ar an mbean / ag fáil airgid / buíochas a ghabháil

Dhá líne faoin iomlán

Tugadh an treoir seo a leanas do na scrúdaitheoirí ar fad:

Níor mhiste do gach Príomhscrúdaitheoir Comhairleach gach a leanann seo a chur in iúl do na Scrúdaitheoirí Comhairleacha. Níor mhiste do na Scrúdaitheoirí Comhairleacha é seo a leanas a chur in iúl dá Scrúdaitheoirí Cúnta:

Sa chás go dtagann scrúdaitheoir trasna ar script a bhaineann le hiarrthóir ar cuireadh socruithe speisialta ó thaobh scrúdaithe de ar fáil dó/di

- níor mhór don scrúdaitheoir a chur in iúl dá scrúdaitheoir comhairleach go bhfuil a leithéid de script le marcáil aige/aici
- caithfidh an scrúdaitheoir comhairleach a mhíniú don scrúdaitheoir go bhfuil gach gné den Scéim Mharcála faoi mar atá leagtha amach le cur i bhfeidhm ó thaobh marcáil na scrípte de ach amháin nach mbeidh an litriú agus gnéithe áirithe den ghramadach san áireamh
- míneoidh an scrúdaitheoir comhairleach don scrúdaitheoir go mbeifear ag déanamh fiosruithe ina thaobh seo lena chinntiú go bhfuil an Scéim Mharcála á cur i bhfeidhm ag an scrúdaitheoir cúnta ina leithéid de chás faoi mar ba cheart.

